



Oide

Tacú leis an bhFoghlaim
Ghairmiúil i measc Ceannairí
Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional
Learning of School Leaders
and Teachers



Sainchuntas Poist don Ról mar Aistritheoir/Aistritheoirí in Oide

1. Forbhreathnú

Seirbhís trasearnála tacaíochta foghlama gairmiúla múinteoirí atá faoi shainchúram na Rannóige um Foghlaim Ghairmiúil Múinteoirí den Roinn Oideachais is ea Oide. Tairgeann sé tacaíocht forbartha gairmiúla do cheannairí agus múinteoirí bunscoile agus iar-bhunscoile in Éirinn.

Is é an cuspóir atá ag Oide tacú le foghlaim ghairmiúil ceannairí agus múinteoirí scoile in Éirinn trí dheiseanna foghlama ardchaighdeán atá nuálach agus sofhreagrúil a fhorbairt lena gcumasaítear do cheannairí scoile agus múinteoirí freastal ar na riachtanais oideachais atá ag gach foghlaimeoir ar bhealach níos fearr. Tá an tseirbhís tacaíochta eagraithe ina naoi Rannán. Ceann amháin díobh sin is ea an GaelAonad, ar Rannán é atá freagrach as tacú le múinteoirí agus scoileanna a sholáthraíonn oideachas trí mheán na Gaeilge chomh maith le tacaíocht a chur ar fáil do ghnéithe den churaclam a bhaineann le Gaeilge.

Tá folúntas lánaimseartha amháin ag Oide don phost mar aistritheoir faoi láthair. Oibreoidh an t-aistritheoir i gcomhar leis an nGaelAonad, agus le Stiúrthóir Rannáin an GhaelAonaid, chun tacú le hobair na heagraíochta ar fad i ndáil le seirbhísí a sholáthar i nGaeilge.

Beidh an duine a cheapfar ina f(h)ostaí de chuid Ionad Tacaíochta Oideachais Mhuineacháin, arb é an tIonad Oideachais a óstálann Oide é.

Tá Ionad Tacaíochta Oideachais Mhuineacháin ar cheann amháin d'aon Ionad Tacaíochta Oideachais lánaimseartha is fiche a bunaíodh faoi alt 37 den Acht Oideachais (1998). Is é an sainchúram atá air tacaíocht a thabhairt do mhúinteoirí, scoileanna, príomhoidí agus Boird Bhainistíochta i gContae Mhuineacháin agus i gContae an Chabháin. Mar chuid den ról sin, tá Ionad Tacaíochta Oideachais Mhuineacháin freagrach as Oide, seirbhís tacaíochta atá á cistiú ag an Roinn Oideachais, a óstáil anois.

Ag gníomhú dó/di mar bhall d'fhoireann Riaracháin Oide, tuairisceoidh Aistritheoir Oide do Cheann Riaracháin Oide mar bhainisteoir líne aige/aici. Tuairisceoidh sé/sí go díreach do Stiúrthóir Rannáin an GhaelAonaid i ndáil le cúraimí aistriúcháin Oide freisin. Mar fhostaí de chuid Ionad Tacaíochta Oideachais Mhuineacháin, tuairisceoidh aistritheoir Oide go tráthrialta do Stiúrthóir an Ionaid freisin.

2. Sainchuntas Poist

Is é a bheidh i gceist le ról aistritheoir Oide de ghnáth ná ábhar scríofa a thiontú ó Bhéarla go Gaeilge, á chinntiú go gcuirtear réim agus brí an bhunleagain in iúl chomh soiléir agus is féidir sa leagan aistrithe. Is féidir go mbeidh aistriúchán ó Ghaeilge go Béarla ag teastáil ó am go ham freisin. Cuid shuntasach eile den ról a bheidh i

bprofléamh agus in obair ghaolmhar a dhéanamh chun tacú le seirbhísí a sholáthar i nGaeilge ar fud na heagraíochta.

Cineálacha aistriúcháin agus obair ghaolmhar

Ceanglófar ar an iarrthóir rathúil nó ar na hiarrthóirí rathúla raon éagsúil inneachair a aistriú agus acmhainní eagraíochtúla a fhorbairt. Áirítear iad seo a leanas leis na nithe sin, ach gan a bheith teoranta dóibh:

- Ábhar oideachasúil
- Ábhar faisnéiseach
- Doiciméid theicniúla
- Ábhar don suíomh Gréasáin
- Ábhar cur chun cinn
- Cumarsáidí
- Gluais inmheánach téarmaí

Freagrachtaí

- Ábhar a léamh agus taighde a dhéanamh ar théarmaíocht atá sonrach don tionscal
- Téacs, taifeadtaí fuaime agus teanga atá i bhfoinsí agus i bhformáidí eile a thiontú ó Bhéarla go Gaeilge agus ó Ghaeilge go Béarla
- A chinntiú go gcuirtear an bhrí agus an réim bhunaidh in iúl in inneachar aistrithe agus go bhfuil an t-inneachar aistrithe ag teacht leis an mbundoiciméad
- Fotheidil/scripteanna a ullmhú le haghaidh físeán agus láithreoireachtaí
- Sainfhoclóirí agus uirlisí aistriúcháin a chrostagairt chun cáilíocht a sheiceáil, ábhair aistrithe a dhearbhu ó thaobh cáilíochta de agus a chinntiú go bhfuil ábhair aistrithe ag teacht leis an téarmaíocht atá in úsáid
- Téacsanna aistrithe a phrofléamh chun cruinneas gramadaí, litrithe agus poncaíochta a chinntiú
- Teagmháil leantach a dhéanamh le baill foirne agus comhghleacaithe inmheánacha chun a chinntiú go bhfreastalaíonn an t-aistriúchán ar a riachtanais féin agus ar riachtanais na heagraíochta
- A chinntiú gur san fhormáid riachtanach agus/nó i bhformáid bhunaidh na faisnéise a tháirgtear an t-inneachar ar fad a chruthaítear, nuair is iomchuí (e.g., cló, struchtúr, formáid an bhundoiciméid)
- Líonrú agus comhoibriú le saineolaithe sa réimse agus le comhghleacaithe chun coinneáil cothrom le dáta leis an teanga a úsáidtear i mbeartas atá ann cheana agus le huirlisí agus cleachtais nua aistriúcháin

- Comhairle aistriúcháin a thairiscint ar leibhéal na heagraíochta chun tacú le hacmhainn inmheánach agus próisis inmheánacha a fhorbairt

Áireofar iad seo a leanas leis na dualgais a bheidh i gceist:

- Léamh trí ábhar bunaidh agus é a athscríobh i nGaeilge agus/nó i mBéarla, de réir mar is gá, á chinntiú go gcoinnítear brí an bhuntéacs
- Úsáid a bhaint as bogearraí cuimhne aistriúcháin amhail Wordfast, memoQ, Across, SDL Trados agus Transit NXT, ach gan a bheith teoranta dóibh, chun comhsheasmhacht an aistriúcháin laistigh de dhoiciméid a chinntiú agus chun éifeachtúlacht a fheabhsú
- Úsáid a bhaint as sainfhoclóirí, teasáraí, leabhair thagartha agus doiciméid bheartais atá ann cheana chun teacht ar na coibhéisí is oiriúnaí agus/nó is gaire do théarmaí
- Idirchaidreamh a dhéanamh le haistritheoirí agus le baill foirne eile laistigh den Roinn Oideachais agus le heagraíochtaí iomchuí eile is geallsealbhóirí chun sláine agus comhsheasmhacht a chinntiú maidir le teachtaireachtaí agus maidir le hailíniú leis na corpais atá ar fáil
- Taighde a dhéanamh ar fhrásaíocht chun teacht ar an aistriúchán ceart, agus gluais inmheánach téarmaí a thiomsú agus a chothabháil lena húsáid ar fud na heagraíochta agus i gcomhairle le heagraíochtaí is geallsealbhóirí
- Leaganacha aistrithe deiridh agus doiciméid atá ann cheana a phrofléamh agus a chur in eagar agus ábhair a nuashonrú, de réir mar is gá
- Dul i gcomhairle le saineolaithe i sainréimsí ar bhonn inmheánach agus ar bhonn seachtrach araon
- Cloí le caighdeán éagsúla cháilíochta aistriúcháin agus dearaidh agus le treoirlínte cosanta sonraí chun a chinntiú go gcomhlíontar oibleagáidí dlíthiúla agus eiticíúla i gcónaí
- Aon dualgais iomchuí eile a bheidh ag teastáil a ghabháil de láimh.

Na nithe ar cheart duit a bheith ag súil leo

- Bí ag súil le 3,000 focal ar a laghad a aistriú gach lá. Beidh tréimhsí diandírithé ann, agus beidh bainistíocht ama ar cheann de na tosca is tábhachtaí nuair a bheidh an t-iarrthóir rathúil nó na hiarrthóirí rathúla ag druidim le spriocdhátaí
- Bíonn teagmháil theoranta ann le cliaint, agus is tríd an ríomhphost, thar an teileafón nó trí bhogearraí físchomhdhála amhail Zoom nó ardán Microsoft Teams a dhéantar an chuid is mó den teagmháil sin

Tá na ráitis thuas ceaptha chun an leibhéal oibre a shanntar don ról seo de ghnáth a léiriú. Níl siad le forléiriú mar liosta uileghabhálach de na freagrachtaí nó na dualgais a bheidh ar phearsana a aicmeofar amhlaidh nó de na scileanna a bheidh de dhíth orthu.

3. An raon eolais, taithí agus scileanna

Beidh ag an iarrthóir rathúil nó na hiarrthóirí rathúla caighdeán gairmiúil cruthaithe Béarla agus Gaeilge ó bhéal agus i scríbhinn agus cáilíochtaí iomchuí chun tacú leis an iarratas uaidh/uaithi nó uathu. Tá taithí chruthaithe mar aistritheoir ag teastáil freisin.

Bunriachtanais

- Céim sa Ghaeilge agus san aistriúchán nó cáilíocht iarchéime san aistriúchán
- Is inmhianaithe atá *Séala an Aistriúcháin*, ar cáilíocht ghairmiúil í
- Sárscileanna TF agus clóscríbhneoireachta
- Taithí oibre chruthaithe mar aistritheoir
- Líofacht i mBéarla agus i nGaeilge agus tuiscint ghairmiúil ar an dá theanga
- Sárscileanna profléitheoireachta, mionchruinneas, agus an cumas chun earráidí gramadaí, litrithe agus poncaíochta a shainaithint
- Stíl shoiléir scríbhneoireachta agus eolas grinn ar an litriú agus ar an ngramadach
- Mionchruinneas i ngach gné den obair
- Dea-thuiscint agus dea-eolas ar uirlisí eagarthóireachta inneachair
- Cur amach ar bhogearraí aistriúcháin
- Sárscileanna cumarsáide
- Scileanna cruthaithe bainistíochta ama

Inmhianaithe:

Is inmhianaithe atá deimhniú breise sa teangeolaíocht

4. Láthair

- Beidh an ról bailebhunaithe/oifigbhunaithe, áit a gceanglófar ar an iarrthóir rathúil nó ar na hiarrthóirí rathúla obair go neamhspleách agus i gcomhar le daoine eile araon.
- Ceanglófar ar an iarrthóir rathúil obair in oifigí eile Oide nó i láithreacha ainmnithe ó am go ham.

- Ceanglófar ar an iarrthóir rathúil a m(h)odh iompair féin a bheith aige/aici agus láncheadúnas tiomána glan a shealbhú agus a choinneáil. Nuair a bheidh sé/sí ar dualgas agus as láthair ón mbaile agus ón gceanncheathrú dá bharr, íocfar costais chúí taistil agus liúntais chúí chothaithe de réir rátaí Eanála Poiblí.

5. Comórtas

- Tá an post seo ar oscailt do gach iarrthóir a chomhlíonann na bunriachtanais atá liostaithe thuas.
- Is féidir go ndéanfar gearrliostú.
- Iarrfar ar iarrthóirí a ghlaofar chun agallaimh cleachtadh aistriúcháin a chur i gcrích mar chuid den phróiseas agallaimh.
- Ní thairgfear aon cheapachán ach amháin i gcás go measfar go bhfuil iarrthóir oiriúnach ann don phost.
- Tá an ceapachán seo faoi réir an tréimhse phromhaidh chaighdeánach sé mhí a chur i gcrích go sásúil. Cé go bhféadfar an tréimhse phromhaidh a fhadú de rogha an fhostóra, ní rachaidh an tréimhse sin thar aon mhí dhéag in aon chás.
- Forálfar leis an gconradh d'athbhreithniú feidhmíochta leanúnach.

6. Tuarastal agus coinníollacha

- Beidh an tuarastal ailínithe le grád V den scála pá Boird Oideachais agus Oiliúna do riarthóirí, rud atá ar fáil ag an [nasc](#) seo.

€50,207 €51,706 €53,237 €54,799 €56,376 €58,208* €60,051**

- Déanfar an ceapachán chuig pointe 1 den scála.
- Uaireanta: Gnáthsheachtain oibre 39 n-uaire an chloig (lena n-áirítear sos lóin aon uair an chloig in aghaidh an lae)
- Saoire Bhliantúil: Is é an teidlíocht saoire bliantúla don ghrád seo ná 22 lá oibre in aghaidh na bliana saoire bliantúla. Méadóidh an teidlíocht sin go 25 lá tar éis trí bliana a chur i gcrích sa phost.
- Ní mór fógra faoi shaoire bhliantúil a thabhairt roimh ré do Stiúrthóir Rannáin an GhaelAonaid agus do Cheann Riaracháin Oide. Ba cheart saoire bhliantúil a thógáil ar aon dul le riachtanais ghnó na heagraíochta. Ní mór an iarraidh ar shaoire bhliantúil a bheith ceadaithe roimh ré ag Stiúrthóir Ionad Tacaíochta Oideachais Mhuineacháin mar ionadaí don fhostóir agus mar óstach riaracháin le haghaidh Oide. Deonaítear Laethanta Saoire Poiblí de réir na bhforálacha den Acht um Eagrú Ama Oibre, 1997.
- Saoire Bhreiteachta: De réir bheartas Saoire Breiteachta Ionad Tacaíochta Oideachais Mhuineacháin, íocfar 10 lá saoire breiteachta ar a mhéad le fostaithe in aon tréimhse rollach 12 mhí. Áirítear leis sin laethanta saoire

breoiteachta deimhnithe agus laethanta saoire breoiteachta neamhdheimhnithe araon.

- Pinsean: Cé nach bhfuil aon phinsean ann, féadfaidh tú leas a bhaint as scéim cuntas coigiltis scoir pearsanta, más mian leat.
- Tá an ról seo á thairiscint ar bhonn conradh téarma shocraithe 3 bliana, faoi réir cistiú leanúnach agus riachtanais leanúnacha ghnó agus faoi réir feidhmíocht shásúil de réir bheartas Bainistíochta Feidhmíochta Ionad Tacaíochta Oideachais Mhuineacháin, i gcomhairle le lucht Ardbhainistíochta Oide.

7. Conas iarratas a dhéanamh

Ba cheart iarratais ar an bpost seo a dhéanamh i nGaeilge.

Ba cheart iarratais a dhéanamh trí litir iarratais agus CV ina bhfuil mionsonraí teagmhála do bheirt teistiméirí a chur isteach.

Ba cheart iad sin a sheoladh chuig **recruitment@metc.ie** tráth nach déanaí ná **4pm Dé Mháirt, an 25 ú Feabhra 2025**.

Is féidir go ndéanfar gearrliostú.

Seolfar agallaimh i bpearsa ag láthair a dheimhneofar a luaithe is féidir tar éis an spriocdháta le haghaidh iarratas. Iarrfar ar iarrthóirí a ghlaofar chun agallaimh cleachtadh aistriúcháin a chur i gcrích mar chuid den phróiseas agallaimh.

Má theastaíonn aon choigeartuithe réasúnacha uait chun an próiseas iarratais a chur i gcrích, cuir an méid sin in iúl dúinn trí ríomhphost a sheoladh chuig recruitment@metc.ie.

8. Nós Imeachta Roghnúcháin

Comhlíonfaidh Ionad Tacaíochta Oideachais Mhuineacháin téarmaí an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí agus téarmaí na reachtaíochta iomchuí eile cosanta sonraí ar fad i ndáil leis na sonraí a cuireadh isteach le linn an phróisis earcaíochta.

Bunófar coiste roghnúcháin chun na gnéithe uile den phróiseas roghnúcháin a chur i gcrích.

Beidh sé de fhreagracht ar na hiarrthóirí iad féin a chur ar fáil le haghaidh agallaimh, más rud é go dtabharfar cuireadh chun agallaimh dóibh. Ba cheart d'iarrthóirí a thabhairt faoi deara go bhfuil seans ann nach mbeifear in ann aon dáta eile a sholáthar.

Is féidir go mbunófar painéal ar féidir go líonfar folúntais amach anseo uaidh go ceann tréimhse dhá bhliain tar éis fógra a thabhairt faoi áit ar an bpainéal.

Job Description for the Role of Translator(s) in Oide

1. Overview

Oide is a cross-sectoral teacher professional learning support service under the remit of the Teacher Professional Learning (TPL) Section of the Department of Education (DE) which offers professional development support to primary and post-primary school leaders and teachers in Ireland.

Oide's purpose is to support the professional learning of school leaders and teachers in Ireland through the development of high quality innovative and responsive learning opportunities that enable school leaders and teachers to better meet the educational needs of all learners. The Support service is organised into 9 Divisions, one of which is the GaelAonad Division which is responsible for supporting teachers and schools who provide education through the medium of Irish as well as the curricular area of Irish.

Oide currently has a full-time vacancy for the position of a translator who will work in collaboration with the GaelAonad Division, and the Divisional Director of the GaelAonad, to support the work of the entire organisation in the provision of services in Irish.

The person appointed will be an employee of Oide's Host Education Centre, Monaghan Education Support Centre (MESC).

Monaghan Education Support Centre (MESC) is one of twenty-one full-time Education Support Centres, constituted under Section 37 of the Education Act (1998). MESC's remit is to provide support for teachers, schools, principals and Boards of Management in counties Monaghan and Cavan. As part of this role, MESC is now responsible for the hosting of Oide, the Department of Education funded support service.

The Oide Translator as a member of the Oide Administration team will report to the Oide Head of Administration as their line manager. They will also report directly to the Divisional Director of GaelAonad in relation to Oide translation tasks. The Oide translator, as an employee of Monaghan Education Support Centre will also report regularly to the Director of Monaghan ESC.

2. Job Description

The role of translator with Oide will typically involve converting written material from English into Irish, making sure that the translated version conveys the tone and meaning of the original as clearly as possible. On occasion, translation from Irish into English may also be required. Proofreading and associated work to support the provision of services in Irish across the organisation will also form a significant part of the role.

Types of translation and associated work

The successful candidate(s) will be required to translate a variety of content and develop organisational resources including but not limited to:

- Educational
- Informational
- Technical documents
- Website material
- Promotional material
- Communications
- Internal Glossary of terms

Responsibilities

- Read material and research industry-specific terminology
- Convert text, audio recordings and language in other sources and formats from English into Irish and Irish into English
- Ensure translated content conveys original meaning and tone and aligns to the source document
- Prepare subtitles/scripts for videos and presentations
- Cross-reference specialised dictionaries and translation tools to check quality, quality assure translation of materials and ensure alignment and consistency with terminology in use
- Proofread translated texts for grammar, spelling and punctuation accuracy
- Follow up with internal team members and colleagues to ensure translation meets their needs and the needs of the organisation
- Ensure all content created is produced with the format required, and/or the original format of the information where relevant. (e.g. font, structure, source format)
- Network and collaborate with field experts and colleagues to stay current on language used in existing policy, new translation tools and practices
- Offer translation advice at organisational level to support the development of internal capacity and processes

Duties will include:

- Reading through original material and rewriting it in Irish and/or English as required, ensuring that the meaning of the source text is retained
- Using translation memory software such as, but not limited to Wordfast, memoQ, Across, SDL Trados and Transit NXT, to ensure consistency of translation within document and to improve efficiency

- Using specialist dictionaries, thesauruses, reference books and pre-existing policy documents to find the most suited and/or closest equivalents for terminology and choice of word
- Liaising with translators and other staff within the Department of Education and other relevant stakeholder organisations to ensure integrity and consistency in messaging and alignment to corpus bases available
- Researching phraseology to find the correct translation and collating and maintaining an internal glossary of terms for use across the organisation and in consultation with stakeholder organisations
- Proofreading and editing final translated versions and existing documents and updating materials as necessary
- Consulting with experts in specialist areas internally and externally
- Following various translation and design quality standards along with data protection guidelines to ensure legal and ethical obligations are fulfilled at all times
- Undertake other relevant duties as may be required.

What to expect

- Expect to work to a daily output of a minimum of 3,000 words. There will be periods of intense concentration and time management will be a significant consideration as the successful candidate(s) near deadlines
- Contact with clients is limited and mostly by email, phone or via video conferencing software such as Zoom or using Microsoft Teams platform

The above statements are intended to illustrate the common nature of the level of work assigned to this role. They are not intended to be construed as an exhaustive list of responsibilities, duties and skills required of personnel so classified.

3.Range of knowledge, experience and skills

The successful candidate(s) will have a proven professional standard of oral and written English and Irish along with relevant qualifications to support their application. Proven experience as a translator is also required.

Essential Requirements

- Degree in Irish and translation or a post graduate qualification in translation
- Professional qualification *Séala an Aistriúcháin* is desired
- Excellent IT and typing skills
- Proven work experience as a translator

- Fluency in English and Irish and a professional command of both languages
- Excellent proofreading skills with an eye for detail and the ability to identify grammar, spelling and punctuation errors
- A clear writing style with an impeccable knowledge of spelling and grammar
- Attention to detail in all aspects of the work
- Good command and knowledge of content editing tools
- Familiarity with translation software
- Excellent communication skills
- Proven time management skills

Desirable:

Additional certification in linguistics is desirable

4. Location

- The role will be home-based/office based where successful candidate(s) will be required to work both independently and in collaboration with others.
- The successful candidate will be required to work on occasion in other Oide offices or nominated locations.
- The successful candidate will be required to have their own means of transport and to possess and retain a full clean driving license. When absent from home and headquarters, on duty, Public Sector rates will be paid for appropriate travelling expenses and subsistence allowances.

5. Competition

- This post is open to all candidates who meet the essential requirements listed above.
- Shortlisting may occur.
- Candidates called to interview will be asked to complete a translation exercise as part of the interview process.
- Any offer of appointment will only be made where it is considered that a suitable candidate for the post exists.
- This appointment is subject to satisfactory completion of the standard six-month probationary period. The probationary period may be extended at the discretion of the employer but will not in any case exceed eleven months.
- The contract will provide for ongoing performance review.

6. Salary and conditions

- Salary will be aligned to grade V of the ETB pay scale for administrators which is available at this [link](#).

€50,207 €51,706 €53,237 €54,799 €56,376 €58,208* €60,051**

- Appointment to be made at point 1 of the scale.
- Hours: Typically, 39 hour working week (includes a one- hour daily lunch break)
- Annual Leave: The annual leave entitlement for this grade is 22 working days per annual leave year rising to 25 days on the completion of three years in the job.
- Notice of annual leave must be communicated in advance to the Divisional Director of GaelAonad and Oide Head of Administration. Annual leave should be taken in line with the business needs of the organisation. The request for annual leave must have the prior approval of the Director of Monaghan ESC as representative of the employer and administration host for Oide. Public Holidays are granted in accordance with the provisions of the Organisation of Working Time Act, 1997.
- Sick Leave: In accordance with the Sick Leave policy of Monaghan Education Support Centre, employees will be paid a maximum of 10 sick leave days in a 12-month rolling period. This includes certified and non-certified sick leave days.
- Pension: There is no pension, however you may avail of a PRSA scheme should you wish to.
- This role is offered on the basis of a 3-year fixed term contract, subject to ongoing funding and business needs and satisfactory performance in accordance with the Performance Management policy of Monaghan Education Support Centre and in consultation with Oide Senior Management.

7. How to apply

Applications for this position should be made in Irish.

Applications should be made by submission of a letter of application and a CV with contact details for two referees.

This should be submitted no later than **Tuesday 25th February 2025 at 4pm** to **recruitment@metc.ie**

Shortlisting may apply.

Interviews will be held in person at a location to be confirmed as soon as possible after the application closing date. Candidates called for interview will be asked to complete a translation exercise as part of the interview process.

Should you require any reasonable adjustments to complete the application process, please advise us via recruitment@metc.ie

8. Selection Procedure

Monaghan Education Support Centre will comply with the terms of the General Data Protection Regulation (GDPR) and all other relevant data protection legislation in relation to the data submitted during the recruitment process.

A selection committee will be established to carry out all aspects of the selection process.

It is the responsibility of the candidates to make themselves available for interview, if invited to attend. Candidates should note that it may not be possible to provide an alternative date.

A panel may be formed from which future vacancies may be filled for a two-year period following notification of position on panel.